# Tóraíocht Teaghlaigh

Tuismitheoirí na Gaeltachta
Gaeltacht na nDéise


Sraith tóraíochtaí ar shiúlóidí Gaeltachta forbartha go speisialta do theaghlaigh ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Comhlucht Forbartha na nDéise. Bainigí sásamh astu.

## An Coinigéar
### Rinn Ó gCuanach



| | |
|---|---|
| **Siúlóid** | **An Coinigéar nó An Chois** |
| **Gaeltacht** | **Rinn Ó gCuanach** |
| **Fad** | **@ 6km** |
| **Am** | **@1½ uac** |
| **Deacracht** | **Réasúnta** |
| **Eolas eile** | **Gob gainimh** |

Áit iontach is ea an Coinigéar, giota talún agus gainimh a théann trasna na farraige nach mór an tslí ar fad ón Rinn go Dún Garbhán agus uair sa bhliain i mí Iúil eagraítear siúlóid trasna go dtí an baile nuair atá an taoide ana-íseal!




Tosnaigí sa charrchlós, siúl trasna an tsrutháin ar na clocha móra agus ar aghaidh libh. Áit chónaithe do choiníní is ea coinigéar. Coimeádaigí súil amach dos na hainmhithe go háirithe na ba! Is áit mhór í dos na héanlaith, tá an Sléibhín ana-chomónta mar atá an Chearc Ghainimh agus lapairí eile. Gheofá péileacáin sa Chuileann Trá.

Le 30 bliain anuas tá oisrí ag fás sa chuan agus chífeá tarracóirí i mbun oibre anseo ag lag trá. Téann an taoide amach ana-fhada, agus mar sin is iontach an áit í chun dul ag rith. Is breá le madraí agus capaill í chomh maith.

Beirigí libh an bhileog seo agus téigí ar Thóraíocht Teaghlaigh ar an gCoinigéar, Rinn Ó gCuanach. Siúlóid aoibhinn í seo ina bhfuil ana-chuid des na hiontaisí thíos le feiscint, le haireachtaint, le mothú agus le bolú. Aimsigh an méid agus is féidir libh!



## De shiúl na gcos:

- ☐ Cleite
- ☐ Cloch le poll ann
- ☐ Rud éigin atá dubh
- ☐ Adhmad raice
- ☐ Gloine mara



## Sliogáin a bhailiú:

- ☐ Bairnigh
- ☐ Píochán
- ☐ Scian Mhara
- ☐ Oisre
- ☐ Diúilcíní

## Féach fút agus tharat:

- ☐ Tigh Solais Bhaile na Cúirte
- ☐ Na Comaraigh
- ☐ Dún Garbhán
- ☐ Oisrí sa chuan

## Leag lámh air:

- ☐ Cloch a phreabadh na an uisce
- ☐ Caisleán a thógaint
- ☐ D'ainm a scríobh sa ghaineamh
- ☐ Coinín a dhéanamh as clocha

## Éistigí:

- ☐ Glór srutha
- ☐ Géimneach na mbó
- ☐ Grágail na n-éan
- ☐ Feoithne farraige

Ainm an teaghlaigh:

..........................................................................

Gaeltacht na Déise
Co. Phort Láirge

Tuismitheoirí na Gaeltachta
Gaeltacht na nDéise
Údarás na Gaeltachta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
S20 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal